Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0087

Iarraidh ar dhíolúine Grzegorz Braun a tharscaoileadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Márta 2026 ar an iarraidh ar dhíolúine Grzegorz Braun a tharscaoileadh (2025/2170(IMM))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don iarraidh ar tharscaoileadh dhíolúine Grzegorz Braun, a fuarthas le litir dar dáta an 16 Iúil 2025 ó Ard-Ionchúisitheoir na Polainne, lena dtarchuirtear iarraidh ó Ionchúisitheoir Poiblí Réigiúnach Vársá-Praga i Vársá i ndáil le himeachtaí coiriúla arna dtionscnamh ina choinne, agus a fógraíodh sa Pharlaimint an 8 Meán Fómhair 2025,

– ag féachaint don fhíoras go meastar gur dhiúltaigh Grzegorz Braun dá cheart chun éisteachta i gcomhréir le Riail 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh Fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

– ag féachaint do bhreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019[1],

– ag féachaint d'Airteagail 105(2) agus (5) de Bhunreacht Phoblacht na

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra v De Gregorio agus Clemente*, C 200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch v Parlaimint*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C-163/10, ECLI: EU:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch v an Pharlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

Polainne,

– ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0075/2026),

A. de bhrí, i litir dar dáta an 16 Iúil 2025, gur tharchuir Príomh-Ionchúisitheoir na Polainne iarraidh ó Ionchúisitheoir Poiblí Réigiúnach Vársá-Praga i Vársá ar tharscaoileadh dhíolúine Grzegorz Braun, Feisire de Pharlaimint na hEorpa a toghadh sa Pholainn i dtaca le roinnt cionta líomhnaithe a tharla in 2025;

B. de bhrí, de réir na hiarrata, an 30 Aibreán 2025, sa phríomhchearnóg (Plac Wolności) in Biała Podlaska, go líomhnaítear go ndearna Grzegorz Braun, ag gníomhú dó in éineacht le duine eile, goid ar bhratach na hÚcráine a taispeánadh go poiblí ar bhalcóin fhoirgneamh Halla na Cathrach, ba chúis le caillteanas chun dochair do Bhardas Cathrach Biała Podlaska; de bhrí gur sárú de bhun Airteagal 278(3a) de Chód Coiriúil na Polainne iad a ghníomhaíochtaí líomhnaithe;

C. de bhrí, de réir na hiarrata, an 6 Bealtaine 2025 in Katowice, go líomhnaítear gur ghoid Grzegorz Braun, ag gníomhú dó i gcomhar le duine eile, bratach an Aontais Eorpaigh a taispeánadh i bhforhalla na hAireachta Tionscail (Ministerstwo Przemysłu), ba chúis le caillteanas chun dochair don Aireacht Tionscail; de bhrí gur sárú de bhun Airteagal 278(3a) de Chód Coiriúil na Polainne é an ghníomhaíocht líomhnaithe;

D. de bhrí, de réir na hiarrata, an 11 Meitheamh 2025, i bpríomh-fhorhalla Sejm Phoblacht na Polainne i Vársá, go líomhnaítear gur scrios Grzegorz Braun earraí ar le duine eile iad i bhfoirm 10 gclár dhaite a bhí i dtaispeántas a bhí tiomnaithe do dhaoine LGBTQ+, ba chúis le dochar do Chlub Parlaiminteach Comhghuaillíochta na Clé (Koalicyjny Klub Parlamentarny Lewicy); de bhrí gur sárú de bhun Airteagal 288(1) de Chód Coiriúil na Polainne é an ghníomhaíocht líomhnaithe;

E. de bhrí, de réir na hiarrata, an 28 Aibreán 2025 i Vársá Grzegorz Braun a líomhnaítear a cuireadh go barúlach trí na mórmheáin, chun Músaem Stair na nGiúdach Polannach (POLIN) agus eintiteas eile bainteach le feachtasú sóisialta, iompar agus saintréithe a fhéadfaidh míchlú a tharraingt orthu in aghaidh thuairim an phobail nó a bhféadfaidh caillteanas muiníne a bheith mar thoradh orthu is gá do chineál áirithe gníomhaíochta trína rá, le linn na díospóireachta ina raibh iarrthóirí d’oifig Uachtarán Phoblacht na Polainne a craoladh beo ar an teilifís agus ar líne, gur comhartha náire agus íslithe é lus an chromchinn Giúdach; de bhrí gur sárú de bhun Airteagal 212(2) de Chód Coiriúil na Polainne é an ghníomhaíocht líomhnaithe;

F. de bhrí gur toghadh Grzegorz Braun chun Parlaimint na hEorpa sna toghcháin Eorpacha i Meitheamh 2024 agus mar sin go raibh sé ina Fheisire de Pharlaimint na hEorpa tráth na gcionta líomhnaithe;

G. de bhrí nach ionann na cionta líomhnaithe, agus nach bhfuil baint ag an iarraidh dá éis sin ar dhíolúine Grzegorz Braun a tharscaoileadh, le haon tuairim a chuir sé in iúl nó le haon vóta a chaith sé i gcomhlíonadh a dhualgas de réir bhrí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

H. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 9, an chéad mhír, pointe (a), de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, le linn sheisiúin Pharlaimint na hEorpa, go mbeidh ag Feisirí, i gcríoch a Stáit féin, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí parlaiminte a mBallstáit féin;

I. de bhrí, i gcomhréir le hAirteagal 105(2) agus (5) de Bhunreacht Phoblacht na Polainne, ón lá a fógraíodh torthaí na dtoghchán go dtí an lá a rachaidh a shainordú nó a sainordú in éag, nach gcuirfear teachta faoi réir cuntasacht choiriúil gan toiliú Sejm Phoblacht na Polainne agus nach gcoinneofar ná nach ngabhfar é nó í gan toiliú an Sejm, ach amháin i gcásanna inar gabhadh é nó í agus cion á dhéanamh aige nó aici agus inar gá é nó í a choinneáil chun conair cheart na n-imeachtaí a áirithiú;

J. de bhrí gurb é is cuspóir don díolúine dá bhforáiltear i bPrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh an Pharlaimint agus a Feisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla i ndáil le gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhlíonadh dualgas parlaiminteach agus nach féidir a scaradh ó na dualgais sin;

K. de bhrí, i gcomhréir le Riail 5(2) dá Rialacha Nós Imeachta, nach pribhléid phearsanta í díolúine pharlaiminteach don Fheisire, ach gur ráthaíocht í ar neamhspleáchas na Parlaiminte ina hiomláine agus a Feisirí;

L. de bhrí, sa chás seo, nár aimsigh Parlaimint na hEorpa aon fhianaise ar *fumus persecutionis*, is é sin le rá gnéithe fíorasacha a léiríonn gurb é an rún atá leis na himeachtaí dlíthiúla i dtrácht ná an bonn a bhaint ó ghníomhaíocht pholaitiúil Grzegorz Braun mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;

M. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir[2];

1. ag cinneadh díolúine Grzegorz Braun a tharscaoileadh;

---

[2] Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois* v *Parliament*, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údarás inniúil Phoblacht na Polainne agus chuig Grzegorz Braun.